



An Bhruiséal, 10 Eanáir 2022
(OR. fr)

5015/22

LIMITE

FISC 1
ECOFIN 1

NÓTA

ó:	An Uachtaránacht
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle
Uimh. an doic. roimhe seo:	15294/21 - COM (2021) 823 final
Ábhar:	Treoir maidir le híosléibhéal domhanda cánachais a bhunú do ghrúpaí ilnáisiúnta san Aontas Eorpach - Díospóireacht bheartais

I. Na príomhfhorbairtí agus staid na himeartha

1. An 8 Deireadh Fómhair, tháinig Creat Cuimsitheach ECFE/G20 maidir le creimeadh an bhoinn agus aistriú brabúis (BEPS) ar chomhaontú i dtaca le hathchóiriú a dhéanamh ar na rialacha idirnáisiúnta maidir le cáin a ghearradh ar bhrabúis nabhfiontar ilnáisiúnta. Tá Ballstáit uile an Aontais ar comhaltaí den Chreat Cuimsitheach iad dulta i bpáirt leis an Ráiteas maidir le Réiteach Dhá Cholún chun aghaidh a thabhairt ar na dúshlán chánach a eascraíonn as digiteáil an gheilleagair. Sna conclúidí uaithi an 27 Samhain 2020, chuir an Chomhairle a tacaíocht leanúnach in iúl d'obair an Chreata Chuimsithigh¹.
2. Mar a léirítear san aiseolas ón bpobal, is céim mhór é an comhaontú sin, lena dtugtar 137 dtír agus dlínse le chéile, ionsar chóras chun cáin a ghearradh ar bhrabúis atá éifeachtúil agus cóir.

¹ 13350/20.

3. Tá an t-íosráta cánach éifeachtach ('an Dara Colún') bunaithe den chuid is mó ar dhá riail atá le cur i bhfeidhm sa dlí náisiúnta ('rialacha GloBE'): (i) an riail maidir le hioncam a áireamh (*Income Inclusion Rule - IIR*), trína bhforchuirtear breisiú cánach ar mháthaireintiteas i ndáil le hioncam comheintitis a ngearrtar cáin ar ráta íseal air; agus (ii) an riail maidir le ganníocaíocht cánach (*Undertaxed Payment Rule - UTPR*), lenar féidir le heintiteas a dhéanann íocaíocht inghrúpa le heintiteas eile sa ghrúpa céanna nach bhfuil a ioncam ísealchánach faoi réir IIR diúltú an íocaíocht sin a asbhaint nó foráil a dhéanamh maidir le coigeartú coibhéiseach.
4. Forchuirtear breisiú cánach leis na rialacha sin suas go dtí an t-íosleibhéal, ag úsáid tástáil ráta cánach éifeachtach a ríomhtar ar bhonn dlínsiúil agus a úsáideann sainmhíniú comhchoiteann ar chánacha cumhdaithe agus bonn cánach a chinntear trí thagairt d'ioncam cuntasaíochta airgeadais. Tá feidhm acu maidir le fiontair ilnáisiúnta ag a bhfuil láimhdeachas EUR 750 milliún ar a laghad ina gcuntais airgeadais. Is é 15 % an t-íosráta cánach i gcomhar IIR agus UTPR araon.
5. Foráiltear le rialacha GloBE d'eisceachtaí ar bhonn díolmhú bunaithe ar thábhacht eacnamaíoch («*carve-out*») atá i gcomhréir le foirmle lena n-eisiatar méid ioncaim a chomhfhreagraíonn do chéatadán seasta (5 %) de ghlanluach na sócmhainní inláimhsithe agus luach an bhille pá. Sna chéad 10 mbliana, foráiltear le riail idirthréimhseach go dtosóidh an t-eisiamh sin bunaithe ar thábhacht eacnamaíoch ag 8 % de luach na sócmhainní inláimhsithe de réir na leabhar agus ag 10 % den phárolla. I gcás sócmhainní inláimhsithe, tiocfaidh laghdú bliantúil 0.2 % ar an ráta don chéad chúig bliana agus laghdú 0.4 % don tréimhse atá fágtha. I gcás an phárolla, tiocfaidh laghdú bliantúil 0.2 % ar an ráta don chéad chúig bliana agus laghdú 0.8 % don tréimhse atá fágtha.
6. Foráiltear le rialacha GloBE freisin d'eisiamh *de minimis* i gcás dlínsí ina bhfuil láimhdeachas níos lú ná EUR 10 milliún agus brabús faoi bhun EUR 1 mhilliún ag an bhfiontar ilnáisiúnta.

7. De réir Ráiteas mhí Dheireadh Fómhair ó Chreat Cuimsitheach ECFE/G20, ba cheart an Dara Colún a thrasú sa dlí in 2022, le teacht i bhfeidhm in 2023, agus táthar ag súil go dtiocfaidh riail UTPR i bhfeidhm in 2024.
8. An 14 Nollaig 2021, ghlac Creat Cuimsitheach ECFE/G20 de chomhthoil rialacha samhla lena dtugtar éifeacht do Ráiteas mhí Dheireadh Fómhair 2021 maidir le prionsabail rialacha GloBE agus lena leagtar amach a sásraí. Foilsíodh iad an 20 Nollaig.

II. Aidhm an togra le haghaidh treorach

9. Chun a áirithiú go mbeidh cur chun feidhme rialacha GloBE go comhsheasmhach agus go comhréireach le dlí an Aontais, thíolaic an Coimisiún Eorpach, an 22 Nollaig 2021, togra le haghaidh Treoir ón gComhairle maidir le híosléibhéal domhanda cánachais a bhunú do ghrúpaí ilnáisiúnta san Aontas Eorpach².
10. Sa togra seo le haghaidh Treorach, tá na rialacha faoina gcuirfidh na Ballstáit breisiú cánach i bhfeidhm ar ioncam ísealchánach comheintitis. Áirítear leis an togra coigeartú ar Rialacha Samhla ECFE, a bhfuil bonn cirt leis mar gheall ar an ngá atá le dlí príomha an Aontais a chomhlíonadh: cé nach n-éilítear le Rialacha Samhla ECFE go gcuirfí IIR i bhfeidhm ach ar eintitis eachtracha, i.e. eintitis atá bunaithe i ndlínse eile seachas an dlínse ina bhfuil ceannoifig an ghrúpa, tá sé riachtanach go mbeidh feidhm ag IIR freisin maidir le heintitis intíre, ionas go mbeidh an Treoir i gcomhréir leis an tsaoirse bunaíochta.

² 15294/21.

11. Níl aon athrú ar na gnéithe eile de Chomhaontú ECFE (raon feidhme, rátaí, eisiaimh, etc.). Mar a fhoráiltear i Rialacha Samhla ECFE, leis an togra le haghaidh Treorach, beidh na Ballstáit in ann a roghnú breisiú cánach náisiúnta a ghearradh ar a n-eintitis chónaitheacha a bhfuil dliteanas íseal cánach orthu (*‘breisiú cánach náisiúnta’*). Beidh ar na Ballstáit a dhéanfaidh an rogha sin an breisiú cánach náisiúnta a ríomh i gcomhréir le rialacha GloBE mar a leagtar amach sa Treoir iad. Asbhainfear an breisiú cánach atá dlite go háitiúil ar leibhéal mháthaireintitis an ghrúpa, a bheidh freagrach i gcónaí as an mbreisiú cánach don ghrúpa ina iomláine a ríomh.
12. Socraítear sa togra an 31 Nollaig 2022 mar spriocdháta chun an Treoir a thrasú, ionas go ngabhfaidh éifeacht leis an reachtaíocht náisiúnta lena dtrasúitear an Treoir i gcomhréir leis an amchlár cur chun feidhme arna ghlacadh ag Creat Cuimsitheach OECD/G20 maidir le BEPS (2023).
13. Chomh maith leis an ngá atá le raon feidhme IIR a choigeartú chun dlí príomha an Aontais a chomhlíonadh, saothrófar an dara cuspóir le glacadh na Treorach seo. Áiritheofar leis, le himeacht ama, ardleibhéal comhordúcháin ar dhlíthe náisiúnta na mBallstát a bhfuil an Dara Colún á chur chun feidhme acu agus áiritheofar deimhneacht dhlíthiúil agus cobhsaíocht dhlíthiúil níos fearr leis, agus ar an gcaoi sin seachnófar cás ina mbeadh ar fhiontair ilnáisiúnta atá ag feidhmiú sa mhargadh aonair plé le dlíthe atá éagsúil ó chéile. Ina theannta sin, le teacht i bhfeidhm an Dara Colún ar fud an Aontais ar dháta amháin, i gcomhréir leis an amchlár cur chun feidhme a shocraigh ECFE, cuirfear in iúl go láidir tiomantas na mBallstát cosc a chur le ‘sodar go grinneall’ sa chánachas corparáideach.

III. Na chéad chéimeanna eile

14. Tá sé ar intinn ag Uachtaránacht na Fraince na hacmhainní uile is gá a chur i leataobh don scrúdú teicniúil ar an togra; dá bhrí sin, díreofar na chéad mhíonna den seimeastar sa réimse cánach ar an tsaincheist sin den chuid is mó. Cuireadh tús an 4 Eanáir leis an scrúdú ar an téacs seo ar leibhéal na Meithle um Cheisteanna Cánach (ar leibhéal na saineolaithe), agus bhí malartú tuairimí ag an Meitheal (Ardleibhéal) um Cheisteanna Cánach an 6 Eanáir 2022. Léiríodh leis an bplé sin go bhfuil na toscaireachtaí ar aon intinn le chéile maidir le tosaíocht a thabhairt don chomhad seo, agus measann siad, ag an am céanna, go bhfuil tábhacht ar leith ag baint leis an amchlár chun na rialacha nua a ghlacadh agus a thrasúí.
15. A luaithe a bheidh an obair theicniúil maidir le dréachtú na Treorach curtha i gcrích, cuirfear faoi bhráid na Comhairle (ECOFIN) í le go dtiocfar ar chomhaontú polaitiúil, ionas go mbeidh go leor ama ag na Parlaimintí náisiúnta an reachtaíocht náisiúnta is gá a ghlacadh chun í a thrasúí. Coinneofar na hairí ar an eolas sa Chomhairle (ECOFIN) faoin dul chun cinn a dhéanfar ar an leibhéal teicniúil.
16. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a mholadh don Chomhairle, ar mhaithe le treoír pholaitiúil a chur ar fáil chun an téacs seo a scrúdú a thuilleadh, malartú tuairimí a bheith aici maidir leis na saincheisteanna seo a leanas:
 - a) An aontaíonn tú leis an gcuspóir na rialacha atá mar thoradh ar an gcomhaontú idirnáisiúnta maidir leis an Dara Colún a thrasúí, ar bhealach comhsheasmhach agus comhréireach le dlí an Aontais?
 - b) An aontaíonn tú gur cheart scrúdú teicniúil a dhéanamh ar an téacs seo mar ábhar tosaíochta, ar mhaithe le teacht ar chomhaontú a luaithe is féidir chun na spriocdhátaí trasúimh is gá a chur san áireamh?